Cás caillte

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin seanadóir Brian Ó Domhnaill. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cad a dhéanann Seanad Éireann?
2. Ar cheart deireadh a chur leis an Seanad? Cén fáth?

Ceist 2 **A**. Cén Béarla atá ar an teideal seo, dar leat?

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

B. An bhfuil Gaeilge agat ar na focail / téarmaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- High Court: _____
- inquiry: _____
- bilingual members: _____
- interpreter: _____
- breach / violation: _____
- translation resources: _____
- claiming: _____
- unknown: _____
- his judgement: _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair agus féachaigí an raibh an ceart agaibh

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cé atá ag déanamh fiosrúcháin ar an seanadóir agus cén fáth?
2. Cén fáth a ndearna Brian Ó Domhnaill agóid in éadan an fhiosrúcháin?
3. Cén fáth nár éirigh le Brian leis an agóid?
4. Cad eile a bhí á mhaíomh ag an seanadóir?

Ceist 4 'Chaill an seanadóir Brian Ó Domhnaill an dúshlán **a** thug sé san Ard-Chúirt…'
'Rialaigh an breitheamh Gerard Hogan **nach** raibh an ceart sin aige'

A. Cén ghné den ghramadach a bhaineann leis na focail a bhfuil cló dubh orthu sna samplaí thuas?

B. Féach ar na samplaí seo agus freagair na ceisteanna:

*Sin an fear **a** c**h**eannaíonn an páipéar nuachta gach Aoine.*
*Sin an fear **nach g**ceannaíonn an páipéar nuachta gach Aoine.*

*Sin an fear **a** c**h**eannaigh an páipéar Dé hAoine seo caite.*
*Sin an fear **nár** c**h**eannaigh an páipéar nuachta Dé hAoine seo caite.*

(1) Roinn gach abairt thuas in dhá abairt.
(2) Athscríobh an chéad dá abairt thuas anois san aimsir fháistineach. Is ionann an mhír choibhneasta san aimsir fháistineach agus san aimsir láithreach.

Ceist 5 Féach ar an gcuid seo den sliocht leis an duine in aice leat. Cumaigí ceisteanna leis na briathra a bhfuil líne fúthu. Bíodh freagraí na gceisteanna le fáil sa script. Mar shampla: *Ar thóg an seanadóir dúshlán Ard-Chúirte i mí Bealtaine seo caite? Níor thóg. Thóg sé é i mí an Mheithimh.*

I mí an Mheithimh seo caite a thóg an seanadóir Brian Ó Domhnaill, Fianna Fáil, dúshlán Ard-Chúirte faoi fhiosrúchán atá ar bun ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maidir le héilimh ar chostais a rinne sé. Bhí an Coimisiúin ar tí tús a chur le seisiún poiblí leis an scéal a fhiosrú nuair a d'éirigh le Brian Ó Domhnaill dúshlán Ard-Chúirte a thógáil faoin scéal.

Baineann fiosrúchán an Choimisiúin le héilimh chostais a rinne Brian Ó Domhnaill nuair a bhí sé ina bhall de Chomhairle Contae Dhún na nGall in 2006 agus in 2007. Mhaígh Brian Ó Domhnaill gur sárú ar a chearta mar chainteoir Gaeilge é mura ndéanfar obair an bhinse fiosrúcháin go dátheangach.

Rialaigh an Breitheamh Gerard Hogan inniu nach raibh an ceart sin aige. Dúradh sa bhreith go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal an Ghaeilge a úsáid agus a chuid fianaise á tabhairt aige ach go bhfuil comhaltaí an Choimisiúin i dteideal Béarla a úsáid más mian leo sin a dhéanamh agus áiseanna aistriúcháin a chur ar fáil.

Ceist 6 Bhí na nathanna seo sa mhír. An bhfuil nathanna cainte a bhfuil malairt brí acu ar eolas agat féin?

Chaill an seanadóir an dúshlán: _____
Tús a chur le: _____
D'éirigh le: _____
I láthair: _____

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar, sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

A.

Standards in Public Office Commission

B.

High Court:	*Ard-Chúirt*
inquiry:	*fiosrúchán*
bilingual members:	*comhaltaí dátheangacha*
interpreter:	*ateangaire*
breach / violation:	*sárú*
translation resources:	*áiseanna aistriúcháin*
claiming:	*ag maíomh*
unknown:	*anaithnid*
his judgement:	*a bhreith*

Ceist 3

1. Is é an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí atá i mbun an fhiosrúcháin. Baineann fiosrúchán an Choimisiúin le héilimh chostais a rinne Brian Ó Domhnaill nuair a bhí sé ina bhall de Chomhairle Contae Dhún na nGall in 2006 agus in 2007.
2. Bhí an seanadóir ag iarraidh go mbeadh comhaltaí dátheangacha ar an gCoimisiún a bheadh in ann éisteacht leis an gcás gan cabhair ó ateangaire. Mhaígh Brian Ó Domhnaill gur sárú ar a chearta mar chainteoir Gaeilge é mura ndéanfar obair an bhinse fiosrúcháin go dátheangach.
3. Rialaigh an Breitheamh, Gerard Hogan, nach raibh an ceart sin aige. Dúradh sa bhreith go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal an Ghaeilge a úsáid agus a chuid fianaise á tabhairt aige ach go bhfuil comhaltaí an Choimisiúin i dteideal Béarla a úsáid más mian leo sin a dhéanamh agus áiseanna aistriúcháin a chur ar fáil.
4. Bhí an Seanadóir Ó Domhnaill ag maíomh chomh maith go raibh fiosrúchán ar bun ag an gCoimisiún de bharr litir anaithnid a scríobhadh chuig Comhairle Contae Dhún na nGall agus nach raibh aon bhunús leis an ngearán faoi éilimh ar chostais dá bharr. Níor éirigh leis an dúshlán seo ach an oiread.

Ceist 4

A. An clásal coibhneasta **díreach**. Bíonn níos mó ná clásal amháin in abairtí go minic. Tugann an clásal coibhneasta tuilleadh eolais faoin gclásal a thagann roimhe. Baintear úsáid as an mír choibhneasta chun na clásail sin a cheangal le chéile. Féach na samplaí sa cheist a bhfuil an mhír choibhneasta i gcló dubh iontu. Tá an mhír choibhneasta ag oibriú mar chónasc nó mar dhroichead idir an dá chlásal.

B.

Sin an fear. Ceannaíonn sé an páipéar nuachta gach Aoine.
Sin an fear. Ní cheannaíonn sé an páipéar nuachta gach Aoine.

Sin an fear. Cheannaigh sé an páipéar nuachta Dé hAoine seo caite.
Sin an fear. Níor cheannaigh sé an páipéar nuachta Dé hAoine seo caite.

Sin an fear a cheannóidh an páipéar nuachta Dé hAoine seo chugainn.
Sin an fear nach gceannóidh an páipéar nuachta Dé hAoine seo chugainn.

Ceist 5
An raibh…? Bhí / Ní raibh
An mbaineann…? Baineann / Ní bhaineann
Ar mhaígh…? Mhaígh / Níor mhaígh
Ar rialaigh…? Rialaigh / Níor rialaigh
An ndúradh…? Dúradh / Ní dúradh

Ceist 6
Chaill an seanadóir an dúshlán: *bhuaigh sé*
Tús a chur le: *críoch, deireadh nó clabhsúr a chur le rud*
D'éirigh le: *theip ar*
I láthair: *as láthair, ar lár, in easnamh*

Eimear Ní Chonaola
Chaill an seanadóir Brian Ó Domhnaill an dúshlán a thug sé san Ard-Chúirt in aghaidh fiosrúcháin de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Fiosrúchán é seo a bhaineann le héilimh a rinne sé ar chostaisí[1]. Bhí an seanadóir ag iarraidh go mbeadh comhaltaí dátheangacha ar an gCoimisiún a bheadh in ann éisteacht leis an gcás gan cabhair ó ateangaire.

Irene Ní Nualláin
I mí an Mheithimh seo caite a thóg an seanadóir Brian Ó Domhnaill, Fianna Fáil, dúshlán Ard-Chúirte faoi fhiosrúchán atá ar bun ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maidir le héilimh ar chostaisí a rinne sé. Bhí an Coimisiún ar tí tús a chur le seisiún poiblí leis an scéal a fhiosrú nuair a d'éirigh le Brian Ó Domhnaill dúshlán Ard-Chúirte a thógaint[2] faoin scéal.

Baineann fiosrúchán an Choimisiúin le héilimh chostaisí a rinne Brian Ó Domhnaill nuair a bhí sé ina bhall de Chomhairle Contae Dhún na nGall in 2006 agus in 2007. Mhaígh Brian Ó Domhnaill gur sárú ar a chearta mar chainteoir Gaeilge é mura ndéanfar obair an bhinse fiosrúcháin go dátheangach.

Rialaigh an Breitheamh Gerard Hogan inniu nach raibh an ceart sin aige. Dúradh sa bhreith go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal an Ghaeilge a úsáid agus a chuid fianaise á tabhairt[3] aige, ach go bhfuil comhaltaí an Choimisiúin i dteideal Béarla a úsáid más mian leo sin a dhéanamh agus áiseanna aistriúcháin a chur ar fáil.

Bhí an Seanadóir Ó Domhnaill ag maíomh chomh maith go raibh fiosrúchán ar bun ag an gCoimisiún de bharr litir anaithnid a scríobhadh chuig Comhairle Contae Dhún na nGall agus nach raibh aon bhunús leis an ngearán faoi éilimh ar chostaisí dá bharr. Níor éirigh leis an dúshlán seo ach an oiread. Ní raibh an seanadóir féin i láthair sa chúirt inniu.

Dúirt an Breitheamh Gerard Hogan go dtabharfaidh sé a bhreith maidir le costaisí an cháis faoi cheann coicíse, an seachtú lá fichead den mhí seo.

Leanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí lena bhfiosrúchán anois maidir leis na héilimh ar chostaisí a rinne an seanadóir Ó Domhnaill in 2006 agus in 2007. Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

[1] *costais* atá sa chaighdeán oifigiúil
[2] *a thógáil* atá sa chaighdeán oifigiúil
[3] *á thabhairt* a deirtear